# Clóca Naomh Bríd

Tamall gairid tar éis do Naomh Pádraig í a oirniú, theastaigh ó Bhríd a mainistir féin a bhunú. Chinn sí gur áit fhoirfe ab ea imeall an Churraigh i gcontae Chill Dara. Bhí foraoiseacha fairsinge darach ann don bhreosla agus don tógáil, bhí uisce úr i loch in aice láimhe, agus bhí machaire breá mór oscailte torthúil ann le bia a fhás.

Chuaigh Bríd chun cainte lena seanchara, Rí Laighean. D'iarr sí talamh i gCill Dara air chun a mainistir a thógáil. Dhiúltaigh an Rí di toisc gur leasc leis a thalamh féin a scaoileadh uaidh. Níor chuir sin aon bhac ar Bhríd, áfach, agus thosaigh sí féin agus a lucht leanúna ag guí go n-athródh an Rí a intinn agus go mbogfadh a chroí.

An dara huair di talamh a iarraidh air, d'iarr sí "oiread talún a d'fhéadfadh sí a chlúdach lena clóca". Shíl an Rí gurbh aisteach an t-iarratas é sin, agus dúirt sé léi go mbuailfeadh sé léi ar an gCurrach.

Nuair a chonaic an Rí chomh beag is a bhí clóca beag Bhríde, rinne sé gáire os ard, ach ní fada go raibh aiféala air go ndearna sé sin. Bhain Bríd a clóca agus dúirt le ceathrar dá lucht coimhdeachta greim a bhreith ar na cúinní agus siúl i dtreo na gceithre aird – ó thuaidh, o dheas, soir agus siar. Agus iad ag siúl ó Bhríd, thosaigh an clóca ag dul i méid agus lean sé agus lean sé ag fás go dtí gur chlúdaigh sé na céadta acraí.

Rinne an Rí beart de réir a bhriathair, agus bhronn sé na tailte sin uirthi dá mainistir. Is ar an talamh sin a bhunaigh Bríd ceann de na mór-mhainistreacha naofa ó thréimhse na luath-Chríostaíochta thart ar an mbliain 470, mainistir ar a dtugtar Eaglais na Darach go minic.

Bhí Rí Laighean chomh tógtha sin leis an míorúilt a bhí feicthe aige gur chinn sé a bheith ina phatrún ar Bhríd. Thug sé airgead di chun tógáil a dhéanamh agus

le haghaidh bia agus riachtanas eile de réir mar a bhí an mhainistir ag fás ó thaobh méide agus cáile de. D'iompaigh sé féin ina Chríostaí ina dhiaidh sin freisin.

Tá Ardeaglais atá tiomnaithe do Naomh Bríd san ionad céanna go fóill, taobh le cloigtheach álainn. Ó bharr an chloigtí is féidir breathnú ar an talamh a clúdaíodh le clóca Naomh Bríd tráth!